Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2285

10.11.2025

**CINNEADH (AE) 2025/2285 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 4 Samhain 2025**

**lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na hOstaire,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

(3) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Peter HANKE a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas na hOstaire Barbara NOVAK, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Amtsführende Stadträtin von Wien* (Comhairleoir Cathrach Feidhmiúcháin Rialtas Stáit Vín), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Barbara NOVAK, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Amtsführende Stadträtin von Wien* (Comhairleoir Cathrach Feidhmiúcháin Rialtas Stáit Vín), ina comhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Samhain 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

L. AAGAARD

---

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj).